

An Focal Beo



Eochairfhocail: féile, oidhreacht, ceiliúradh, lá teaghlaigh, ceardlann ealaíne

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén aidhm atá leis an bhféile seo?
2. Cad a eagraíodh i nGaelscoil Adhamhnáin Dé Sathairn seo caite?
3. Ar thaitin an lá teaghlaigh le Juliette? Cén fáth?
4. Cé mhéad bliain atá an fhéile seo ar an saol anois?
5. Ar fhreastail tú riamh ar fhéile cosúil leis an bhféile An Focal Beo? Ar thaitin sé leat?



An Focal Beo



Anois, leis an duine in aice leat, an féidir libh labhairt faoi thábhacht na Gaeilge i do shaol. Seo cúpla leid le cuidiú libh agus sibh i mbun comhrá:

- An úsáideann tú an Ghaeilge gach lá?
- Cé leis a labhraíonn tú Gaeilge?
- An úsáideann tú do chuid Gaeilge taobh amuigh den scoil?
- Cad is an rud is fearr leat faoin nGaeilge?
- Cad é an rud is deacra a bhaineann leis an nGaeilge, dar leat?
- Cad é an seanfhocal is fearr leat sa Ghaeilge? Cén fáth?



An Focal Beo



Iarrann an múinteoir ort póstaer a dhearadh ag tabhairt eolais do dhaoine faoi Fhéile shamhailteach na Gaeilge a bheidh ar siúl i do scoil féin an tseachtain seo chugainn. Déan cinnte go mbeidh eolas tábhachtach ar fáil ar an bpóstaer faoin bhféile.

An Focal Beo



Freagraí:

1. Ceiliúradh a dhéanamh ar theanga, ar chultúr agus ar oidhreacht na Gaeilge
2. Lá Teaghlaigh
3. Thaitin. D'fhoghlaim sí conas cúrsa bacanna a chur le chéile.
4. Trí bliana
5. Ar thaitin sé leat?

